# Tuarascáil Bhliantúil 2025



*"Bord Parúil neamhspleách a chosnaíonn an pobal, a chaitheann go cothrom leis na hiarratasóirí parúil, agus a éisteann le híospartaigh"*

**An Bord Parúil**
The Parole Board

# Clár Ábhair

Brollach an Chathaoirligh . . . . 4

Nóta ón bPríomhfheidhmeannach . . . . 6

Cuid 1 – Eolas fúinne agus faoinár gcuid oibre . . . . 8
- Ár mBunluachanna . . . . 9
- Ár Ráiteas Físe . . . . 9
- Ár Ráiteas Misin . . . . 9
- Ár Spriocanna Straitéiseacha . . . . 9
- Sracfhéachaint ar Staitisticí 2025 . . . . 16

Cuid 2 – Dul chun cinn atá déanta againn in 2025 . . . . 18

Cuid 3 – Dúshláin agus céimeanna ar gcúl maidir lenár spriocanna a bhaint amach . . . . 22

Cuid 4 – Forléargas ar Chomhlíonadh agus Rialachas . . . . 24

Cuid 5 – Forléargas Airgeadais agus Caiteachas in 2025 . . . . 28

Aguisín 1: Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach . . . . 31

Aguisín 2: Tuarascáil Bhliantúil 2025 an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais . . . . 32

# Brollach an
## Chathaoirligh



I gcaitheamh 2025, lean an Bord Parúil lena fheidhmeanna agus lena chuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn mar a leagtar amach san Acht Parúil, 2019.

Le linn na bliana, thionóil an Bord Parúil 15 chruinniú boird. Sna cruinnithe sin, bhreithnigh an Bord Parúil 81 iarratas ar pharúl agus eisíodh 55 cinneadh parúil faoi dheireadh na bliana. Diúltaíodh 44 iarratas ar pharúl, deonaíodh 12 ordú parúil, athraíodh 24 ordú parúil agus cúlghaireadh 3 ordú parúil.  Chomh maith le breithniú iarratas agus eisiúint cinntí, thionóil rúnaíocht an bhoird 11 seisiún faisnéise i bpríosúin éagsúla ar fud na tíre chun faisnéis a chur ar fáil do pháirtithe ábhartha faoin bpróiseas parúil.

Tá plé leis na híospartaigh ina chuid ríthábhachtach den phróiseas parúil. Fuair an Bord Parúil 50 aighneacht i scríbhinn ó íospartaigh in 2025. Bhí Rúnaíocht an Bhoird Parúil i mbun plé le 138 íospartach ar an iomlán in 2025, agus tionóladh 31 cruinniú idir comhaltaí an Bhoird Parúil agus na híospartaigh. Cé go ndéanann an Bord Parúil iarracht a chinntiú go mbeidh an próiseas chomh simplí agus is féidir, tá a fhios againn go maith gur féidir leis a bheith an-dúshlánach aighneachtaí íospartach a dhéanamh. Tuigimid go maith an tráma atá fulaingthe ag na teaghlaigh a mbuailimid leo, agus tuigimid freisin an dóigh a bhféadfadh an tráma sin leanúint ar aghaidh trí na glúnta. Tuigimid go gcuireann go leor íospartach fáilte roimh an deis dul i mbun plé leis an mBord Parúil, ach aithnímid freisin nach roghnaíonn gach íospartach aighneacht a dhéanamh. Roghnaíonn íospartaigh áirithe brath ar aighneacht bhunaidh má dhéanann an t-iarratasóir iarratais bhreise níos déanaí ina p(h)ianbhreith. Mar Bhord, aithnímid gur gá do gach íospartach pé rud a oireann dóibh féin a dhéanamh, gan brú a chur orthu aighneacht a dhéanamh nó gan aighneacht a dhéanamh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe as a gcuid oibre maidir lena chinntiú go reáchtáiltear seisiúin faisnéise ar fud chóras na bpríosún. Tá sé sin ina chuid ríthábhachtach dár gcuid oibre agus tugtar deis leis dóibh siúd atá ag cur pianbhreith saoil isteach eolas faoin bpróiseas parúil a chloisteáil go díreach agus aon cheisteanna atá acu a chur. Cé go gcuirimid bileoga eolais ar fáil, tá a fhios againn go bhféadfadh dúshláin a bheith ag baint le litearthacht corruair i measc iarratasóirí parúil, agus is cuid thar a bheith tábhachtach dár gcuid oibre na seisiúin eolais sin.

Bhí idirchaidreamh leanúnach ar siúl le linn 2025 leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (RDCGBI) d’fhonn Córas Bainistíochta Cáis a fhorbairt don Bhord Parúil, agus táim ag tnúth lena chur chun feidhme in 2026. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill Bhord na Foirne Tionscadail, chomh maith leo siúd atá ag obair ar fhorbairt ár gCórais Bainistíochta Cáis. Beidh tabhairt isteach de réir a chéile Córais Bainistíochta Cáis fheidhmiúil ina chéim shuntasach chun cinn don Bhord Parúil.

Le linn 2025, tháinig Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais an Bhoird Parúil le chéile 7 n-uaire. Tá a dtuarascáil le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus leagtar amach inti a mbreithnithe le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine de chomhaltaí an choiste as a gcuid oibre crua.

Le linn na bliana, lean an Bord Parúil le tógáil ar a chaidreamh láidir lena pháirtithe leasmhara éagsúla agus ba mhaith liom mo bhuíochas agus mo mheas a chur in iúl do gach duine dár bpáirtithe leasmhara as a rannpháirtíocht agus a n-ionchur tábhachtach sa phróiseas parúil. Agus cinntí á ndéanamh aige, is mór ag an mBord Parúil an saineolas agus an fhaisnéis a roinneann an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann (lena n-áirítear Seirbhís Síceolaíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann), an tSeirbhís Phromhaidh, an tSeirbhís Chúirteanna agus daoine eile linn. Fáiltíonn an Bord Parúil roimh rannpháirtíocht iarratasóirí ar pharúl agus rannpháirtíocht na n-íospartach freisin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na seirbhísí agus na daoine aonair sin go léir a chuireann leis an bpróiseas parúil agus a ghlacann páirt ann.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le gach comhalta den Bhord Parúil as a gcuid ama, saineolais, tiomantais agus díograise don ról tábhachtach atá acu sa chóras dlí choiriúil.  Táim an-bhuíoch den Phríomhfheidhmeannach, Ciairín de Buis, agus d’fhoireann Rúnaíocht an Bhoird Parúil as a n-obair chrua leanúnach.

Táim ag tnúth le cur lenár n-éachtaí sa bhliain atá amach romhainn.





**An Breitheamh Onórach Margaret Heneghan, Uasal Cathaoirleach an Bhoird Parúil**

# Nóta ón bPríomhfheidhmeannach

## Ciairín de Buis

Is mór an onóir agus an phribhléid dom Tuarascáil Bhliantúil 2025 an Bhoird Parúil a chur i láthair, ina leagtar amach ár gcuid oibre agus ár dtionchar don bhliain.

Tá parúl ina ghné ríthábhachtach den chóras dlí choiriúil, gné a bhfuil tionchar ollmhór aici ar shaol na ndaoine a dhéanann iarratais ar pharúl, ar a n-íospartaigh agus ar an tsábháilteacht phoiblí.

Táimid i mbun plé le híospartaigh le 4 bliana anuas anois. Téama coitianta amháin a chloisimid ó go leor íospartach ná go mbraitheann siad go bhfuil siad i 'timthriall' aighneachtaí chuig an mBord Parúil. Go bhfuil an bhearna (uasmhéid) 2 bhliain idir iarratais róghairid. Deir roinnt íospartach linn gur ar éigean a raibh am acu tionchar ár gcinnidh a thógáil isteach, faoin am go mbíonn siad ag ullmhú lena gcéad aighneacht eile a dhéanamh. Is rud é sin nach féidir a athrú ach ar bhonn reachtaíochta – is rud é atá ardaithe againn leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (RDCGBI), mar aon le gnéithe eile den reachtaíocht.

Molaim go láidir d'aon íospartach smaoineamh ar chlárú leis an tSeirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh i Seirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS), ar féidir leo faisnéis agus nuashonruithe a sholáthar maidir leis an áit a bhfuil an t-iarratasóir ar pharúl á c(h)oinneáil, agus aon fhorbairtí suntasacha ina bpianbhreith.

Táimid i mbun plé le hiarratasóirí ar pharúl le 4 bliana anuas freisin. Gach bliain, buailimid le daoine atá ag cur pianbhreitheanna saoil isteach i bpríosúin ar fud na tíre chun an próiseas parúil a mhíniú agus chun aon cheisteanna atá acu a fhreagairt. Le 4 bliana anuas, tugtar deis do dhaoine atá ag cur pianbhreith saoil isteach freastal ar sheisiúin faisnéise sa phríosún. Is féidir le seirbhísí agus foireann phríosúnbhunaithe freastal ar na seisiúin sin chomh maith. Le linn 2025, leanamar orainn ag bualadh leo siúd a bhí ag cur pianbhreitheanna saoil isteach ar fud chóras na bpríosún. Tá bileoga eolais ar fáil i réimse teangacha éagsúla, agus roinnimid cóipeanna d'Acht Parúil, 2019 ag na cruinnithe sin. Buailimid le hiarratasóirí ar pharúl, iad siúd atá incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar pharúl, agus daoine i mblianta tosaigh a bpianbhreithe saoil. Ag go leor de na seisiúin sin, ardaítear frustrachas maidir le moilleanna: moilleanna ar rochtain a fháil ar sheirbhísí, moilleanna ar thuairiscí a fháil, moilleanna ar bhreithniú a n-iarratais ar pharúl agus moilleanna ar a gcinneadh ar pharúl a fháil.

Tá roinnt cúiseanna ann leis na moilleanna sin – anuraidh luaigh mé go rabhamar ag éirí níos mífhoighní i gcónaí mar gheall ar na moilleanna ar thuairiscí a fháil go tráthúil. Ar an drochuair, is fadhb í sin fós. Ag deireadh 2025, bhí 92 iarratasóir ar pharúl nár breithníodh a n-iarratais parúil go tráthúil. Cé gur bhain 2 cheann acu sin le saincheisteanna dlí, ba é an chúis a bhí leis an gcuid ba mhó acu ná nach raibh na



tuairiscí uile a bhí riachtanach chun go bhféadfadh comhaltaí an Bhoird Parúil cinneadh a dhéanamh faighte againn. Is mar sin atá an scéal in ainneoin fhorálacha na reachtaíochta lena gcuirtear ar chumas an Bhoird Parúil a 'ordú' go gcuirfí an tuairisc ábhartha ar fáil dúinn. Chun go mbeidh cinnteoireacht an Bhoird Parúil éifeachtach agus tráthúil, braitear ar thuairiscí ardchaighdeáin, tráthúla, faisnéiseacha agus saineolacha ón nGarda Síochána, ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (lena n-áirítear Seirbhís Síceolaíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann), ón tSeirbhís Phromhaidh agus ón tSeirbhís Chúirteanna. Lena gcuid faisnéise, léargais agus saineolais chomhroinnte, cuirtear bonn eolais faoinár gcinnteoireacht. Táimid an-bhuíoch as a dtiomantas d'oibriú leis an mBord Parúil agus as a gcomhoibriú chun moilleanna a laghdú a oiread agus is féidir.

Cé go ndearnadh go leor obair an-tábhachtach in 2025, ní raibh an bhliain gan dúshláin, go háirithe maidir le ganntanas foirne i Rúnaíocht an Bhoird Parúil. Bhí tionchar dosheachanta aige sin ar ár gcumas oibre agus ar ár n-aschur. Cé gur chomhlíonamar ár sprioc maidir leis an líon cásanna, níorbh fhéidir linn obair a dhéanamh i réimsí eile a bhfuil sainordú againn an obair sin a dhéanamh arna leagan amach san Acht Parúil, 2019 mar gheall ar shrianta cumais agus acmhainne laistigh de rúnaíocht an Bhoird Parúil. Áirítear leis sin taighde a dhéanamh agus/nó a choimisiúnú chomh maith le hobair a dhéanamh i dtreo feasacht níos fearr a mhúscailt ar obair an Bhoird Parúil i measc na ndaoine atá ag cur pianbhreitheanna saoil isteach, i measc íospartach agus i measc ball den phobal. Mar shampla, ní raibh feachtas rannpháirtíochta poiblí againn in 2025 le haird a tharraingt ar an dóigh a bhféadfadh íospartaigh dul i mbun plé linn. Ní cinneadh é sin a rinneamar go héasca, ach ba rud é nach raibh na hacmhainní ná an cumas againn lena dhéanamh. Tharraingíomar aird na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, ár Roinn líne, ar an tionchar a bhaineann le ganntanas foirne agus leanfaimid orainn ag déanamh amhlaidh.

Le bheith dearfach faoi, tá dul chun cinn déanta maidir le forbairt córais bainistíochta cáis a bhfuil géarghá leis agus a bhfuiltear ag fanacht leis le fada, don Bhord Parúil agus táimid ar an mbóthar ceart chun córas a bheith i bhfeidhm faoi 2026.

Ní obair éasca í an obair a dhéanaimid sa Bhord Parúil. Ceapaimid, agus ba chóir dúinn a cheapadh, gur obair í a bhíonn dúshlánach corruair. Is féidir le héisteacht le hiarratasóirí agus le híospartaigh a bheith deacair agus dúshlánach. Níl sé éasca na cinntí sin a dhéanamh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird Parúil, chomh maith le mo chomhghleacaithe i Rúnaíocht an Bhoird Parúil, as a gcuid oibre crua, a dtiomantas agus a ndúthracht. Ba mhór an pléisiúr dom oibriú in éineacht leis an mBreitheamh Onórach Margaret Heneghan, a ghlac ról an Chathaoirligh i mí Eanáir 2025, agus gabhaim buíochas léi as a cuid oibre crua, a saineolas agus a tiomantas gan stad gan staonadh. Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair le chéile in 2026.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a chuireann a muinín ionainn – iarratasóirí ar pharúl agus íospartaigh – chun Bord Parúil neamhspleách a sholáthar, a chosnaíonn an pobal, a chaitheann go cothrom le hiarratasóirí agus a éisteann le híospartaigh. Táimid dáiríre faoinár ról.

Go raibh maith agaibh.



**Ciairín de Buis, Uasal**
**POF an Bhoird Parúil**

# 1 Eolas fúinne agus faoinár gcuid oibre

# Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Bord Parúil a bunaíodh ar an 31 Iúil 2021 faoi alt 8 d'Acht Parúil, 2019 ("an tAcht").

## Déanann an Bord Parúil an méid seo a leanas:

- breithníonn sé iarratais ar pharúl, ó dhaoine atá i bpríosún agus iad ag cur pianbhreith saoil isteach, agus déanann sé cinneadh cibé acu ar cheart iad a ligean amach ar parúl nó nár cheart. Is éard atá i gceist le parúl ná scaoileadh saor as príosún faoi choinníollacha áirithe;
- breithníonn sé athruithe ar orduithe parúil agus cúlghairmeacha orthu;
- téann sé i mbun plé le híospartaigh a bhfuil sé de cheart acu guth a bheith acu sa phróiseas parúil.

Tá feidhmeanna breise ag an mBord Parúil a leagtar amach in alt 9 den Acht. Mar achoimre, baineann na feidhmeanna sin le:

- faisnéis a sholáthar do dhaoine a bhfuil pianbhreitheanna príosúnachta á gcur isteach acu, d'íospartaigh agus do dhaoine den phobal i ndáil lena fheidhmeanna;
- faisnéis a sholáthar don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce maidir lena fheidhmeanna agus moltaí a dhéanamh don Aire chun cabhrú leo beartas a chomhordú agus a dhéanamh; agus
- tionscadail taighde ábhartha a dhéanamh, a choimisiúnú nó cúnamh a thabhairt dóibh agus moltaí a eascraíonn as na tionscadail nó na gníomhartha sin a dhéanamh don Aire.

### Ár mBunluachanna

1. Tugaimid cothrom na féinne agus déanaimid tréaniarracht a bheith neamhchlaonta maidir le gach a ndéanaimid;
2. Táimid inrochtana agus suáilceach, agus léirímid meas ar mhianta agus ar ábhair imní gach duine lena mbímid ag plé;
3. Táimid neamhspleách agus tá ár gcinnteoireacht bunaithe ar fhianaise;
4. Déanaimid ár ndícheall an pobal a chosaint inár gcuid oibre;
5. Táimid freagrach agus oibrímid le gairmiúlacht, oscailteacht agus trédhearcacht.

### Ár Ráiteas Físe

Déantar íospartaigh agus iarratasóirí parúil a mheas, éistear leo agus léirítear meas orthu, agus déantar gach cinneadh ar bhealach cothrom neamhchlaonta.

### Ár Ráiteas Misin

Bord Parúil neamhspleách a chosnaíonn an pobal, a chaitheann go cothrom le hiarratasóirí parúil, agus a éisteann le híospartaigh.

### Ár Spriocanna Straitéiseacha

Shainaithin an Bord Parúil 5 phríomhsprioc ina Phlean Straitéiseach 2023-2026:

1. Cinntí neamhspleácha, ardchaighdeáin, neamhchlaonta a dhéanamh go tráthúil
2. Aird an phobail a tharraingt ar ról an Bhoird Parúil agus tuiscint níos fearr a chothú ina thaobh
3. A chur ar chumas an Bhoird agus na foirne oibriú go héifeachtach
4. A bheith chomh cuntasach, oscailte agus trédhearcach inár gcuid oibre, agus is féidir
5. Na struchtúir rialachais agus eagraíochtúla riachtanacha a fhorbairt agus a chothú chun ár ról a chomhlíonadh go héifeachtach

Forbrófar Plean Straitéiseach nua le linn 2026.

## Ár Misean

'Bord Parúil **neamhspleách** a **chosnaíonn** an pobal, a chaitheann go **cothrom** le hiarratasóirí ar pharúl, agus a **éisteann** le híospartaigh.'

## Struchtúr an Bhoird Parúil

Faoi alt 10 den Acht Parúil, 2019, ní bheidh níos lú ná 12 chomhalta agus líon nach mó ná 15 chomhalta ar an mBord. Is é an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a cheapann comhaltaí an Bhoird Parúil.

Is é an Príomh-Bhreitheamh a ainmníonn an Cathaoirleach agus áirítear ar chomhaltaí an Bhoird ainmnithe an Phríomh-Bhreithimh, Chomhairle Ghinearálta Bharra na hÉireann, Dhlí-Chumann na hÉireann, Choláiste na Síciatrachta, Éire, Chumann Síceolaithe Éireann, Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Choimisinéir an Gharda Síochána agus Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh.

Déantar foráil sa reachtaíocht freisin do chomhaltaí breise Boird, lena n-áirítear:

- duine a mheasann an tAire go bhfuil taithí agus saineolas ábhartha leordhóthanach aige/aici a chuirfeadh ar a gcumas cur go mór le feidhmíocht an Bhoird; agus

- ionadaí ó ENR a dhéanann speisialtóireacht in abhcóideacht ar son cearta daoine a bhfuil téarmaí príosúnachta á gcur isteach acu i bpríosúin nó ar son dálaí i bpríosúin a fheabhsú

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí 13 chomhalta ar an mBord Parúil, lena n-áirítear an Cathaoirleach, an Breitheamh Onórach Margaret Heneghan, Uasal. Reáchtáladh 15 chruinniú Boird in 2025.

| Ballraíocht | Dáta an Cheapacháin | Dáta an Athcheapacháin | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|
| An Breitheamh Onórach Margaret Heneghan, Uasal* | 10 Lúnasa 2023 | 10 Lúnasa 2025 | 15 as 15 |
| An tUasal Andrew Brennan | 02 Meitheamh 2022 | – | 13 as 15 |
| An Dr Lisa Cuthbert | 10 Lúnasa 2023 | – | 12 as 15 |
| An Dr Patrick Devitt | 10 Lúnasa 2021 | 10 Lúnasa 2025 | 8 as 15 |
| An tUasal Kieran Kenny | 10 Lúnasa 2021 | 10 Lúnasa 2023 | 14 as 15 |
| An Dr Laura Mannion | 10 Lúnasa 2021 | 10 Lúnasa 2023 | 14 as 15 |
| An Dr Shane McCarthy | 10 Lúnasa 2021 | 10 Lúnasa 2023 | 14 as 15 |
| Leah McCormack, Uasal (D'éirigh sí as an 8 Eanáir 2025) | 10 Lúnasa 2021 | | 0 as 0 |
| An tUasal Niall Nolan | 07 Eanáir 2025 | | 15 as 15 |
| An Dr Geraldine O'Hare | 01 Lúnasa 2023 | 10 Lúnasa 2025 | 13 as 15 |
| Ann Reade, Uasal | 10 Lúnasa 2021 | 10 Lúnasa 2023 | 15 as 15 |
| Michelle Richardson, Uasal | 15 Aibreán 2025 | 10 Lúnasa 2025 | 7 as 11 |
| An tUasal Paddy Richardson (Tháinig deireadh leis an téarma ceapacháin ar an 9 Lúnasa 2025) | 10 Lúnasa 2021 | – | 9 as 9 |
| An Dr Brendan Rooney | 01 Aibreán 2024 | – | 13 as 15 |
| An tArd-Cheannfort Brian Sugrue | 14 Aibreán 2023 | 10 Lúnasa 2023 | 13 as 15 |

**Ceapadh an Breitheamh Onórach Margaret Heneghan, Uasal mar Chathaoirleach ar an mBord Parúil an 1 Eanáir 2025.*

## Cothromaíocht Inscne

Ar an 31 Nollaig, bhí 6 (46%) chomhalta bhaineanna ar an mBord, an Cathaoirleach san áireamh, agus 7 (54%) gcomhalta fireanna. Dá bhrí sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht Bord Stáit.

## Coistí

Tá fochoiste amháin den Bhord Parúil ann faoi láthair, an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais (AIRR).

Ba iad comhaltaí an Choiste AIRR in 2025 an Dr Shane McCarthy (Cathaoirleach), an tUasal Paddy Richardson (tháinig deireadh lena théarma an 9 Lúnasa 2025).

An Dr Geraldine O'Hare agus Noella Carroll, Uasal (ball seachtrach). Tionóladh 7 gcruinniú de chuid an Choiste AIRR in 2025.

| Ballraíocht an Choiste AIRR | Cruinnithe an Choiste ar freastalaíodh orthu in 2025 |
|---|---|
| An Dr Shane McCarthy | 7 as 7 |
| Noella Carroll (Comhalta den Choiste Seachtrach) | 7 as 7 |
| An Dr Geraldine O'Hare | 7 as 7 |
| An tUasal Paddy Richardson | 4 as 4* |

**(Tháinig deireadh leis an téarma ceapacháin ar an 9 Lúnasa 2025)*

## Forléargas ar Rúnaíocht an Bhoird Parúil

Faigheann an Bord Parúil tacaíocht ó fhoireann na Rúnaíochta a fheidhmíonn thar dhá fheidhm: Oibríochtaí agus Gnóthaí Corparáideacha. Ar an 31 Nollaig, bhí 24 ball foirne agus 5 fholúntas ann.

Ceapadh Stiúrthóir Oibríochtaí chuig an mBord Parúil i mí Eanáir 2025. Comhlíonann an Rúnaíocht réimse leathan dualgas chun cur ar chumas an Bhoird a ndualgais a chomhlíonadh de réir Acht Parúil, 2019.

## An dóigh a n-oibríonn an Bord Parúil

Is éard atá i gceist le parúl ná scaoileadh saor as príosún faoi choinníollacha áirithe. Má dheonaítear parúl don pharúlaí, ní mór dó nó di gach coinníoll dá n-ordú parúil a chomhlíonadh. Tá pianbhreith saoil fós á cur isteach ag an bparúlaí, agus é/í sa phobal. Féadfar an parúlaí a chur ar ais chuig an bpríosún má dhéanann siad cion arís nó má sháraíonn siad aon cheann de choinníollacha an ordaithe parúil.

Agus iarratas ar pharúl á chinneadh, cuireann an Bord Parúil go leor tosca san áireamh, lena n-áirítear:

- an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do shábháilteacht agus do shlándáil an phobail (lena n-áirítear íospartaigh);
- athshlánú an iarratasóra;
- cumas an iarratasóra athimeascadh go rathúil sa tsochaí;
- cibé an bhfuil sé iomchuí an t-iarratasóir a ligean amach ar parúl.

D'fhonn iarratas ar pharúl, nó athrú nó cúlghairm ordú parúil a bhreithniú, tá an chumhacht ag an mBord Parúil a ordú go ndéanfaidh seirbhísí ábhartha tuairisc i scríbhinn maidir leis an duine lena mbaineann a ullmhú agus a sholáthar dó, lena n-áirítear: Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Seirbhís Síceolaíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh, an Garda Síochána, síciatraí, síceolaí agus cleachtóirí leighis.

Breithnítear iarratais ar pharúl ag cruinnithe den Bhord Parúil iomlán. Is é 8 gcomhalta an córam is gá chun go leanfaidh cruinniú den Bhord ar aghaidh. Is é an Bord Parúil, ag a chruinnithe, a dhéanann an cinneadh parúl a dheonú nó a dhiúltú.

Agus iarratas parúil á bhreithniú, is féidir leis an mBord Parúil an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) bualadh le híospartach ábhartha chun éisteacht leis an íospartach go díreach nó trína ionadaí dlíthiúil nó trína hionadaí dlíthiúil agus/nó

b) aighneachtaí i scríbhinn a fháil ó íospartach ábhartha go díreach nó trína ionadaí dlíthiúil nó trína hionadaí dlíthiúil.

Reáchtáiltear cruinnithe le híospartaigh ar leithligh ó chruinniú an Bhoird Parúil leis an iarratasóir parúil.

Tá Scéim um Chúnamh Dlí i bhfeidhm ag an mBord Parúil agus cuirtear saorchúnamh dlí ar fáil don iarratasóir parúil agus don íospartach, más mian leo leas a bhaint as.

## Cinntí maidir le Parúl a Dheonú nó a Dhiúltú

Leagtar amach próiseas cinnteoireachta an Bhoird Parúil in alt 27 den Acht Parúil, 2019.

Féadfaidh an Bord cinneadh a dhéanamh iarratas ar pharúl a dheonú nó a dhiúltú. Agus breithnithe á ndéanamh, beidh aird ag an mBord Parúil ar roinnt nithe, amhail:

- Cineál agus tromchúis an chiona;
- An phianbhreith phríosúnachta a gearradh ar an iarratasóir agus tréimhse na pianbhreithe sin a bheidh curtha isteach aige/aici;
- Aon chion eile ar ciontaíodh an t-iarratasóir ina leith;
- Iompar an iarratasóra le linn dó nó di an phianbhreith phríosúnachta a chur isteach;
- An riosca go ndéanfadh an t-iarratasóir coir agus é nó í ar parúl;
- An riosca nach gcomhlíonfadh an t-iarratasóir aon choinníollacha a bhaineann lena scaoileadh saor;
- Aon chóireáil, oideachas nó oiliúint a fuair an t-iarratasóir agus a p(h)ianbhreith á cur isteach aige nó aici;
- Aon tuairisc a bhaineann leis an iarratasóir atá ullmhaithe chun cuidiú leis an mBord cinneadh a dhéanamh;
- Aon chruinniú idir an t-iarratasóir agus an Bord;
- Aon chruinniú idir an t-íospartach/na híospartaigh ábhartha agus an Bord, agus
- Aon aighneachtaí arna ndéanamh ag an iarratasóir ar pharúl/íospartach/íospartaigh atá i gceist, nó thar a gceann.

Má dhiúltaíonn an Bord Parúil iarratas ar pharúl, féadfaidh sé, má mheasann sé gurb iomchuí é, bearta a shonrú ina chinneadh maidir le bainistiú na pianbhreithe i gcás go gceapann an Bord go gcuideodh sé leis an duine iarratas rathúil ar pharúl a dhéanamh amach anseo.

I measc na ndaoine ar deonaíodh parúl dóibh, bhí an fad ama a chaith siad i bpríosún idir 16 agus 43 bliain, nó mar sin.



## Cúlghairmeacha agus Athruithe ar Orduithe Parúil

Féadfaidh an Bord Parúil tráth ar bith, as a thairiscint féin nó ar iarratas ó sheirbhís, ordú parúil a athrú nó a chúlghairm mar a leagtar amach in alt 31 agus alt 33 den Acht Parúil, 2019.

Chun ordú parúil a chúlghairm, ní mór don Bhord Parúil a dheimhniú dó féin go bhfuil an méid seo a leanas fíor i gcás parúlaí atá faoi réir ordú parúil:

(i) go gcuireann sé nó sí bagairt mhíchuí ar shábháilteacht agus ar shlándáil an phobail, nó

(ii) gur sháraigh sé nó sí coinníoll a ghabhann leis an ordú,

agus

(b) go bhfuil údar le cúlghairm an ordaithe de bharr thromchúis an riosca nó shárú an choinníll, de réir mar a bheidh.

Agus athrú nó cúlghairm ordú parúil á bhreithniú, ní mór don Bhord Parúil aird a thabhairt ar cibé ábhair is iomchuí leis, lena n-áirítear –

(a) an cúinse is cúis le breithniú na cúlghairme,

(b) aon tuairisc a bhaineann leis an bparúlaí a ullmhaíodh agus a soláthraíodh don Bhord de bhun ordú ina leith sin faoi alt 13,

(c) aon chruinniú leis an bparúlaí a sheoltar de réir na nósanna imeachta a chinntear faoi alt 14,

(d) aon aighneachtaí a rinne an parúlaí nó a rinneadh thar a cheann nó a ceann de réir na nósanna imeachta arna ndearbhú faoi alt 14, agus

(e) aon aighneachtaí a rinne an t-íospartach ábhartha nó a rinneadh thar a cheann nó a ceann de réir na nósanna imeachta arna ndearbhú faoi alt 14.

De réir mar a fhásann líon na bparúlaithe atá ag cur a bpianbhreithe isteach sa phobal faoi láthair, d’fhéadfadh sé go mbeidh ar an mBord roinnt athruithe agus cúlghairmeacha a bhreithniú.

In 2025, bhreithnigh an Bord Parúil athrú ar 24 ordú parúil.

In 2025, rinne an Bord Parúil 3 ordú parúil a chúlghairm.

## Plé le hiarratasóirí

Tionóladh 11 seisiún eolais i bpríosúin ar fud na tíre in 2025. Le linn na gcruinnithe sin, bhuaileamar le hiarratasóirí ar pharúl, lena n-áirítear iad siúd a bhí incháilithe chun iarratas a dhéanamh, chomh maith leo siúd i mblianta tosaigh a bpianbhreithe saoil, chun plé a dhéanamh ar an bpróiseas parúil agus ar a bhféadfaidís a bheith ag súil leis nuair a dhéanann siad iarratas ar pharúl. I measc na bpríomhcheisteanna a tháinig chun cinn le linn na gcruinnithe sin bhí easpa rochtana ar sheirbhísí tacaíochta sa phríosún agus moilleanna ar chásanna a bhreithniú.

## Plé le híospartaigh

Nuair a dhéantar coir agus nuair a bhíonn pianbhreith saoil á cur isteach ag an gciontóir mar gheall ar an gcoir sin, tá sé de cheart ag an íospartach guth a bheith aige/aici sa phróiseas parúil.

Faoin Acht Parúil, 2019 ciallaíonn “íospartach” duine a d’fhulaing díobháil, lena n-áirítear díobháil fhisiciúil, mheabhrach nó mhothúchánach nó caillteanas eacnamaíoch, ar chion ba chúis léi go díreach.

Nuair a dhéanann duine atá ag cur pianbhreith saoil isteach iarratas ar pharúl, is féidir le híospartaigh aighneacht a dhéanamh chuig an mBord Parúil, más mian leo déanamh amhlaidh.

Is cuntas ó íospartach, ina bhfocail féin, ar an éifeacht agus an tionchar a bhí ag an gcoir orthu a bhíonn in aighneacht de ghnáth, agus féadfar an éifeacht ar an teaghlach i gcoitinne a bheith inti freisin. Roinneann íospartaigh leis an mBord Parúil an tionchar a bhí ag an gcion orthu agus an tionchar a cheapann siad a d’fhéadfadh a bheith ag scaoileadh saor an iarratasóra orthu féin, ar a dteaghlach agus ar a bpobal.

Bhí an Rúnaíocht i mbun plé le 138 íospartach ar an iomlán in 2025, agus tionóladh 31 cruinniú idir comhaltaí an Bhoird Parúil agus na híospartaigh. Cuireadh 50 aighneacht ó íospartaigh faoi bhráid an Bhoird Parúil in 2025.

Féadfaidh íospartach a iarraidh ar an mBord Parúil freisin coinníollacha sonracha a chur san áireamh ar mhaith leo a fheiceáil ceangailte le hordú parúil duine, má dheonaítear é. Tionóltar cruinnithe le híospartaigh ar leithligh ó chruinniú an Bhoird Parúil leis an iarratasóir ar pharúl, agus roimh an gcruinniú sin.

Tá saorchúnamh dlí ar fáil d’íospartaigh chun cabhrú leo a n-aighneacht a dhéanamh. Bhain íospartaigh leas as saorchúnamh dlí in 18 gcás parúil le linn 2025.

Más mian leo, is féidir íospartaigh a chur ar an eolas faoin toradh a luaithe a bheidh cinneadh déanta ag an mBord Parúil maidir leis an iarratas ar pharúl. Is féidir le híospartaigh clárú leis an mBord Parúil tríd an bhfoirm chlárúcháin atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird Parúil a chomhlánú www.gov.ie/paroleboard

Léiríodh le haiseolas uathu siúd a bhfuilimid i dteagmháil leo go dtí seo go mothaíonn go leor íospartach go bhfuil siad i ‘timthriall’ aighneachtaí chuig an mBord Parúil agus go bhfuil an méid ama idir aighneachtaí parúil róghairid.

Roinn an Bord Parúil an t-aiseolas sin leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, atá freagrach as an reachtaíocht agus as aon leasú uirthi, lena bhreithniú.

## Iarratas ar Pharúl

Tá an próiseas iarratais ar pharúl fada, agus glacann sé thart ar 18 mí ón am a dhéantar iarratas go dtí go n-eiseofar cinneadh deiridh. Glacann sé am mar gheall ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear: an riachtanas dul i dteagmháil le roinnt daoine mar chuid den phróiseas – lena n-áirítear seirbhísí Stáit, iarratasóirí, ionadaithe dlí, plé le híospartaigh - rud atá dúshlánach mar gheall ar easpa clár lárnach d'íospartaigh in Éirinn.


Glacann sé am teagmháil a dhéanamh le híospartaigh agus bualadh leo agus aighneachtaí a fháil uathu, más mian leo ceann a chur isteach. Is gnách go mbuaileann an dá chomhalta Boird chéanna leis an iarratasóir ar pharúl astu féin agus ní mór é sin a sceidealú.

Braitheann an Bord Parúil ar thuairiscí a fháil ó sheirbhísí Stáit eile chun go mbeidh an fhaisnéis uile a theastaíonn chun iarratais a mheasúnú aige. Ní ról lánaimseartha é ballraíocht an Bhoird Parúil, tá gairmeacha eile ag formhór na gcomhaltaí Boird agus tá teorainn le líon na gcásanna is féidir a athbhreithniú gach mí.

Nuair a bheidh an fhaisnéis ábhartha go léir bailithe, ní mór don Bhord iomlán an t-iarratas a bhreithniú agus na rioscaí a mheas. Ní mór cinneadh an Bhoird a dhréachtú agus a fhaomhadh sula n-eiseofar chuig an iarratasóir ar pharúl é.

Chomh maith leis sin, féadfaidh íospartaigh a iarraidh go gcuirfear ar an eolas iad faoi thoradh an iarratais.

### Forléargas ar an bpróiseas parúil





** (De réir mar is cuí) Tá Scéim um Chúnamh Dlí i bhfeidhm ag an mBord Parúil agus cuirtear saorchúnamh dlí ar fáil don iarratasóir parúil agus don íospartach, más mian leo leas a bhaint as.*

## Briseadh Síos ar Fhad an Ama a Caitheadh sa Phríosún

I measc na ndaoine ar deonaíodh parúl dóibh, bhí an fad ama a chaith siad i bpríosún idir 16 agus 43 bliain, nó mar sin.

**Blianta atá curtha isteach go dtí an dáta ar eisíodh an cinneadh deiridh chun parúl a dheonú 2022 – 2025 (16.4 – 43.6 bliain)**




Buaileann dhá chomhalta Boird le híospartaigh chun aighneachtaí ó bhéal a fháil, más mian leis an íospartach agus a ionadaí nó a hionadaí dlí* é sin a dhéanamh

Tionóltar cruinnithe le híospartaigh ar leithligh ó chruinniú an Bhoird Parúil leis an iarratasóir ar pharúl, agus roimh an gcruinniú sin

Cuirtear tuairiscí/faisnéis i dtoll a chéile i sainchomhad agus roinntear iad leis an iarratasóir (ach amháin má tá imthosca eisceachtúla i gceist)

Cuirtear an sainchomhad ar fáil don iarratasóir le gur féidir leo é a bhreithniú agus aighneachtaí a dhéanamh

Buaileann dhá chomhalta den Bhord Parúil leis an iarratasóir agus lena n-ionadaí dlí* sa phríosún

Comhaontaítear meamram den chruinniú agus cuirtear san áireamh sa sainchomhad é

Má dheonaítear Parúl, cuirtear an príosún ábhartha agus seirbhísí eile ar an eolas. Cuirtear an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar an eolas freisin

Má dhiúltaítear parúl, leagtar amach sa chinneadh cathain a bheidh siad incháilithe le haghaidh parúil an chéad uair eile. D'fhéadfadh sé seo a bheith i gceann 2 bhliain nó níos lú ná sin. D'fhéadfadh go mbeadh bearta sonracha sa chinneadh freisin a chuirtear faoi bhráid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann lena mbreithniú. Níl siad sin ceangailteach

Ní féidir Parúl a dheonú ach amháin má tá 12 bhliain ar a laghad de phianbhreith saoil curtha isteach

Cuimsítear coinníollacha nach mór cloí leo in ordú parúil. Cuimsítear ann freisin dáta ar a gcaithfear nó faoina gcaithfear an duine a scaoileadh saor, dáta nach mór a bheith laistigh de 18 mí

Leanann an Bord Parúil de thuairiscí a fháil ón tSeirbhís Phromhaidh tar éis duine a ligean amach ar parúl toisc go bhfuil pianbhreith saoil fós á cur isteach ag an bparúlaí, agus é/í sa phobal

*Féadfar parúlaí a chur ar ais sa phríosún má dhéanann sé nó sí cion arís nó má sháraíonn sé nó sí aon cheann de choinníollacha a n-ordaithe parúil.*

# Sracfhéachaint ar Staitisticí 2025

Chuaigh an Rúnaíocht i mbun plé le

**138 íospartach**
(lena n-áirítear comhfhreagras agus glaonna gutháin le híospartaigh)

**31 cruinniú tionólta**
idir comhaltaí an Bhoird Parúil agus íospartaigh

**50 íospartach**
a bhfuil aighneachtaí curtha faoi bhráid an Bhoird acu

**18 íospartach**
a bhain leas as cúnamh dlí

**3 ordú parúil**
cúlghairmthe

**11 seisiún eolais**
i bpríosún

**81 iarratas ar pharúl**
breithnithe

**55 cinneadh deiridh eisithe**
As na 55 cinneadh a eisíodh, moladh Scaoileadh Saor Sealadach i 14 chás agus moladh aistriú iarratasóra chuig ionad oscailte i 10 gcás

**44 iarratas ar pharúl**
diúltaithe

**12 ordú parúil**
deonaithe

**24 ordú parúi**
athraithe

* **Nóta** *Ós rud é nach bhfuil córas bainistíochta cáis ag an mBord Parúil, faightear na figiúirí sin de láimh*

# 2 Dul chun cinn atá déanta againn in 2025

# Ár gcuid oibre a fheabhsú in 2025:

Cuíchóiriú roinnt próiseas a dhéanann an fhoireann Oibríochtaí

Rinneadh Prótacal maidir le Bainistíocht Parúlaithe sa Phobal, arna comhaontú idir na gníomhaireachtaí Stáit ábhartha, a athbhreithniú agus glacadh leis

Oiliúint do na comhaltaí Boird, agus i gcásanna áirithe, d'fhoireann na Rúnaíochta maidir le:

- Claontacht neamh-chomhfhiosach
- Ceannaireacht ar Ghníomhú ar son na hAeráide
- Teicnící réitigh coinbhleachta agus díghéaraithe
- Cosaint Leanaí/ Tús Áite do Leanaí

# Rannpháirtíocht agus for-rochtain páirtithe leasmhara:

Tionóladh 11 seisiún eolais i bpríosúin faoin bpróiseas parúil

# Rannpháirtíocht i réimse imeachtaí agus/nó freastal orthu lena n-áirítear:

**Ghlac an Bord Parúil páirt i gcomhdhálacha agus imeachtaí éagsúla, nó d'fhreastail sé orthu, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó:**

Comhdháil Cheannairí na hEarnála Dlí agus Cirt

Rinne an Príomhfheidhmeannach cathaoirleacht ar 18ú Léacht Chuimhneacháin Bhliantúil Martin Tansey *"Straitéis chun dul i ngleic le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe in Éirinn"*

Comhdháil Ghníomhaireachtaí um Cheartas Coiriúil na hÉireann

Cothrom lae 25 bliain ó osclaíodh Dóchas

Comhdháil Bhliantúil Oibrithe Deonacha VSAC (Tacaíocht Íospartach sa Chúirt)

Seoladh taighde 'One in Four' (Dearcthaí na hÉireann maidir le Dul i nGleic le Drochúsáid Ghnéasach Leanaí – Bealtaine 2025)

Labhair an Príomhfheidhmeannach ag comhdháil bhliantúil Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)

Cónaidhm an Phromhaidh Eorpaigh maidir le hOibriú Chinneadh Réime 947 (a cuireadh i láthair i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Phromhaidh)

Comóradh lae 100 bliain na gCoistí Cuairte Príosúin

Comhairle na hEorpa: Cur i láthair thuarascáil Choiste na hEorpa um Chosc ar Chéasadh (CPT) i mBaile Átha Cliath

Imeacht Tacaíochta i ndiaidh Dúnbhásaithe in Óstán Hodson Bay – Samhain 2025

Comhairle na hEorpa: Comhchomhairle um Náisiúnaigh Choigríche i bPríosún agus Promhadh




*An POF ag comhdháil bhliantúil BOOÉ 2025*

## Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht

Tá an Bord Parúil ina bhall den Fhóram um Cheartas Aisiríoch atá faoi stiúir na Seirbhíse Promhaidh, agus freastalaíonn sé air.

Tionóladh seisiún eolais le foireann PACE chun iad a chur ar an eolas faoi obair an Bhoird Parúil.

Tagann an Bord Parúil agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann le chéile go rialta chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna oibríochtúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le parúl.

## Ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Glacadh le Comhaontú Seachadta Feidhmíochta 2025.

Bhuail Cathaoirleach agus POF an Bhoird Parúil leis an Aire O'Callaghan i mí Mheán Fómhair.

Tá an Bord Parúil ina bhall den Ghrúpa Stiúrtha um Monatóireacht Leictreonach atá faoi stiúir na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus oibríonn sé leis an nGrúpa sin.

Tá an Bord Parúil ina bhall de Ghrúpa Oibre um Rialacháin Parúil na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus cuireann sé le hobair an Ghrúpa sin.

Tá idirchaidreamh leanúnach ar siúl le TF na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chun córas bainistíochta cáis a fhorbairt don Bhord Parúil. Bunaíodh Bord Tionscadail chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an chórais. Táthar ag súil go gcuirfear Táirge Inmharthana Íosta i bhfeidhm in 2026.

## Córas Bainistíochta Cáis (CBC)

Tá an Bord Parúil ag feidhmiú gan córas bainistíochta cáis ó bunaíodh é in 2021 agus tá sé ag brath ar scarbhileoga Excel, eolas institiúideach agus próisis láimhe lena chuid sonraí a bhainistiú. Is ábhar imní leanúnach agus ardriosca don Bhord é sin.

In 2022, chuir an Bord Parúil iarratas ar chás gnó faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, inar lorgaíodh réiteach le haghaidh córas bainistíochta cáis.

D'aithin siad go raibh an clár Microsoft Power Apps ina réiteach oiriúnach do riachtanais an Bhoird Parúil. Tá Bord Tionscadail, ina gcuimsítear páirtithe leasmhara sinsearacha ón mBord Parúil agus ó Rannán TF na Roinne, i bhfeighil an tionscadail CBC, rud a chinntíonn go bhfuil straitéisí ag teacht le faomhadh cinntí tábhachtacha.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2025 mar gheall ar chomhoibriú idir an dá pháirtí agus meastar go mbeidh an CBC beo i ráithe 2 de 2026 i ndiaidh Tástáil Inghlacthachta Úsáideoirí chuí agus ascnamh sonraí a chur i gcrích.



*Bhuail Cathaoirleach agus POF an Bhoird Parúil leis an Aire O'Callaghan i mí Mheán Fómhair*



# 3 Dúshláin agus céimeanna ar gcúl maidir lenár spriocanna a bhaint amach

## Soláthar Foirne

Tá srianta foirne fós ina ndúshlán suntasach leanúnach. Is dócha go mbeidh dúshlán níos mó fós ag baint leis sin in 2026. Le srianta cumais agus acmhainne laistigh den Bhord Parúil, tá srian á chur le roinnt réimsí oibre ar mhaith linn a chur chun cinn, lena n-áirítear taighde a choimisiúnú, ár gcuid oibre feasachta agus cumarsáide a leathnú, i measc réimsí eile. Cuireadh moill ar obair phleanála cumarsáide freisin mar gheall ar phróiseas fada soláthair do sheirbhísí cumarsáide seachtracha agus acmhainní teoranta laistigh den fhoireann Chorparáideach.

Leanfaimid le haird a thabhairt ar an tionchar a bhaineann le ganntanas foirne don Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Faoin Acht Parúil, 2019, soláthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce foireann do rúnaíocht an Bhoird Parúil.

Tá teorainn curtha le dul chun cinn i roinnt réimsí dár gcuid oibre freisin mar gheall ar shrianta buiséid agus tá sé deacair pleanáil a dhéanamh de dheasca laghduithe buiséid neamhbheartaithe le linn na bliana.

## Tuairiscí ó Sheirbhísí

Braitheann cinnteoireacht thráthúil an Bhoird Parúil ar thuairiscí ardchaighdeáin, tráthúla, saineolacha a fháil ó sheirbhísí lena n-áirítear an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann (lena n-áirítear Seirbhís Síceolaíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann), ón tSeirbhís Phromhaidh agus ón tSeirbhís Chúirteanna. Is féidir moilleanna a bheith ann maidir le tuairiscí a fháil, rud a imríonn tionchar ar ár n-amlínte agus ar an méid a sheachadaimid. Mar sin féin, tá an Bord Parúil ar an eolas faoi na dúshláin acmhainne a bhíonn le sárú ag go leor de na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí Stáit sin freisin agus leanfaimid orainn ag obair go dlúth leis na seirbhísí agus ag plé aon saincheisteanna leo.

# 4 Forléargas ar Chomhlíonadh agus Rialachas

Tá Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Rialú Inmheánach (sliocht as Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chuig an Aire) le fáil in Aguisín 1.

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí an Bord Parúil ag cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Seachadadh Feidhmíochta agus Maoirseacht

I mí Aibreáin, shínigh an Bord Parúil Comhaontú Maoirseachta 2025-2027 leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (ár Roinn líne). Aontaímid Comhaontú Seachadta Feidhmíochta ar bhonn bliantúil i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú. Leagtar amach sa Chomhaontú Maoirseachta an creat leathan rialachais agus cuntasachta riaracháin ina bhfeidhmíonn an Bord Parúil. Sainítear leis na príomhróil, na príomhfhreagrachtaí agus na príomhghealltanais reachtúla agus riaracháin atá mar bhonn agus taca faoin gcaidreamh idir an Bord Parúil agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

## Bainistíocht Riosca

Feidhmíonn an Bord Parúil beartas foirmiúil bainistíochta riosca agus coinníonn sé Clár Rioscaí ar bun. Tá coinneáil an Chláir deartha lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus go gcuirfear gníomhartha maolaitheacha riachtanacha i bhfeidhm, nuair is gá. Is iad na Gnóthaí Corparáideacha a chuireann an Clár Rioscaí i dtoll a chéile agus déanann an lucht bainistíochta é a athbhreithniú gach mí. Déanann an Coiste AIRR athbhreithniú air freisin ag a chruinnithe agus ina dhiaidh sin déanann an Bord iomlán athbhreithniú air. Tá Tuarascáil Bhliantúil an Choiste AIRR ar fáil in Aguisín 2.

## Nochtaí Cosanta

Ní raibh aon nochtaí cosanta ann in 2025.

## Coinbhleachtaí Leasa

Coinníonn Rúnaí an Bhoird Parúil clár coinbhleachtaí leasa a nochtann na comhaltaí Boird agus comhaltaí den Fhoireann Ardbhainistíochta.

Ar an 31 Nollaig 2025, nochtadh 19 gcoinbhleacht leasa i gcásanna aonair don Rúnaí. I gcás ina nochtar coinbhleacht leasa, fanann na comhaltaí Boird amach ó aon phlé agus ní léifidh siad aon doiciméadacht a bhaineann le hiarratas an duine aonair lena mbaineann. Níor nochtadh aon choinbhleachtaí d'aon chineál eile.

## Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Parúil chun a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte reatha um sholáthar. Más iomchuí, déanfaidh an Bord Parúil earraí agus seirbhísí a fháil i gcomhréir le Treoirlínte GCC maidir le Soláthar Poiblí Glas (SPG) agus trí úsáid a bhaint as Cuardach Critéar Soláthair Phoiblí Ghlais más iomchuí. Ní raibh aon riachtanais soláthair os cionn na tairsí in 2025 lenar bhain sé sin.

## Dualgas na hEarnála Poiblí agus Cearta Daonna Oibleagáidí

Le hAlt 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, forchuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu, aird a thabhairt ar an ngá deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna agus cóireála a chur chun cinn do bhaill foirne agus do dhaoine dá soláthraíonn siad seirbhísí agus cearta daonna na foirne agus na bpáirtithe leasmhara a chosaint. Admhaíonn an Bord Parúil an dualgas sin agus tá sé tiomanta do chinntiú go bhfuil cultúr measa ar chearta daonna agus ar chomhionannas i measc ár bhfoirne agus na ndaoine a mbímid i dteagmháil leo. Bhí an Bord Parúil aireach ar an dualgas sin agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige in 2025, go háirithe agus é ag déileáil le híospartaigh agus le hiarratasóirí ar pharúl.

Chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna agus cóireála a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a mbímid ag plé leo a chosaint, cuirimid uasoiliúint ar ár bhfoirne maidir le saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais trí oiliúint. Mar shampla, tá modúl ríomhfhoghlama IHREC ar Chomhionannas agus ar Chearta Daonna sa tSeirbhís Phoiblí éigeantach do gach ball foirne.

Tá sé mar aidhm le Beartas um Dhínit ag an Obair de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre. Ós rud é gur baill foirne de chuid na Roinne iad foireann Rúnaíocht an Bhoird Parúil freisin, tá feidhm ag an mbeartas sin agus ag gach beartas eile maidir le hacmhainní daonna.

Tacaítear tuilleadh le hobair Rúnaíocht an Bhoird Parúil le Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar, ina leagtar amach na caighdeáin a cheanglaítear ar fhostaithe agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

Leagtar amach inár bPlean Gníomhaíochta Úsáideoirí Seirbhísí agus inár gCairt Úsáideoirí Seirbhísí na caighdeáin sheirbhíse ar féidir lenár n-úsáideoirí seirbhísí a bheith ag súil leo.

Cuimseoimid cúrsaí a bhaineann le Cearta Daonna agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú inár gcéad Phlean Straitéiseach eile a fhoilseofar in 2026.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Is ceist ríthábhachtach iad sláinte agus folláine ár bhfoirne, agus mar gheall ar an gcineál oibre a dhéanaimid, tá seirbhís chomhairleoireachta ar fáil do gach ball foirne agus comhalta Boird. Eagraítear imeachtaí agus oiliúint ar bhonn rialta chomh maith chun tacú leis an bhfoireann ina gcuid oibre.

I dtreo dheireadh na bliana thosaíomar ag obair le *Áit Shláintiúil le hObair Inti* ar ár gcultúr agus ar ár bhfolláine leis an bhfoireann. Pléadh torthaí an chéad suirbhé leis an bhfoireann, agus tá grúpa oibre á chur ar bun chun folláine agus dáimh na foirne a fhorbairt.

## Úsáid Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide

D'ainmnigh an Bord Parúil Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh (OFF) ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh.

Cheap an Bord Parúil Cosantóir Aeráide agus Inbhuanaitheachta, bhunaigh sé Foireann Ghlas agus tá Treochlár Gníomhaíochta ar son na hAeráide i bhfeidhm aige. Rinneamar roinnt príomhghníomh a dtabharfar tús áite dóibh sa Treochlár a shainaithint, agus shocraíomar spriocanna chun feabhsuithe a dhéanamh agus ár lorg carbóin a laghdú in 2026. Leanfaimid leis an Treochlár sin a nuashonrú faoi threoir an SEAI agus déanfar athbhreithniú air gach bliain. Chuir roinnt comhalta Boird agus ionadaithe na foirne ardbhainistíochta oiliúint i gCeannaireacht ar Ghníomhú ar son na hAeráide i gcrích i mí na Nollag.

## Sonraí Úsáide Fuinnimh do 2025

Leagtar amach sa tábla thíos an úsáid shealadach ag an mBord Parúil d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) i gcomhréir le A.I. Uimh. 426 de 2014.

| Fuinneamh | Aonad | 2025 |
|---|---|---|
| Leictreachas MRPN | kWh | 19,123 |

## Comhlíonadh um Chosaint Sonraí

Tá an Bord Parúil an-dáiríre faoina fhreagracht maidir le slándáil faisnéise agus príobháideachas agus a chuid oibleagáidí faoin reachtaíocht ábhartha. Leanann an Bord Parúil le beartais, córais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus cuireann sé béim mhór ar fheasacht agus oiliúint foirne, d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí.

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)

Tugann na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC) 2007 go 2018 an ceart do shaoránaigh rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údaráis phoiblí. Ní bhfuair an Bord Parúil aon iarratais RFC in 2025.

## Iarrataí Saorála Faisnéise (SF)

| Cineál iarratais a deonaíodh | Líon na n-iarratas | Iarratais a diúltaíodh | Iarratais a deonaíodh |
|---|---|---|---|
| Iarratasóir ar pharúl | 0 | 0 | 0 |
| Ball den phobal | 6 | 0 | 6 |

## Iarratais Duine ar a Shonraí

Rinneadh 1 Iarratas Duine ar a Shonraí in 2025.

## Sáruithe ar Shonraí

Níor tharla aon sáruithe ar shonraí in 2025.

## Ceisteanna Parlaiminte (CPanna)

D'fhreagair an Bord Parúil roinnt Ceisteanna Parlaiminte agus chuidigh sé le Ceisteanna Parlaiminte a fhreagairt don Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Faoi chiorclán 25/2016, ní mór do Chomhlachtaí Stáit atá faoi choimirce Ranna Rialtais seoladh ríomhphoist tiomnaithe a sholáthar agus a choinneáil do chomhaltaí an Oireachtais. Is é seo a leanas seoladh ríomhphoist an Bhoird Parúil chun na críche sin: oireachtasqueries@paroleboard.gov.ie

## Cairt Úsáideoirí Seirbhíse

Tá Cairt Úsáideoirí Seirbhíse an Bhoird Parúil ar fáil ar a shuíomh gréasáin www.gov.ie/paroleboard

Leagtar amach inti na caighdeáin sheirbhíse ar féidir le húsáideoirí a bheith ag súil leo uainn. Ní bhfuarthas aon ghearáin in 2025.



# 5 Forléargas airgeadais agus caiteachas in 2025[1]

# Cuirtear soláthar airgeadais d'fheidhmiú an Bhoird Parúil ar fáil go bliantúil tríd an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

In 2025, fuair an Bord Parúil leithdháileadh buiséid dar luach €2.729m. I mí na Samhna, áfach, laghdaigh an Roinn Dlí agus Cirt leithdháileadh Pá an Bhoird faoi €117,000.

Tá an fhaisnéis airgeadais a cuireadh i láthair do 2025 neamhiniúchta go fóill.

## Táillí agus Costais na gComhaltaí Boird

In 2025, íocadh na táillí agus na costais seo a leanas leis na comhaltaí Boird agus leis an bhfochoiste AIRR:

| Ballraíocht | Táille (€)[a] | Costais (€) |
|---|---|---|
| An Breitheamh Onórach Margaret Heneghan, Uasal | 20,520 | – |
| An Dr Shane McCarthy | 15,857 | 20,008 |
| An Dr Patrick Devitt | 12,568 | – |
| An Dr Laura Mannion | 13,166 | 9,279 |
| Leah McCormack, Uasal[b] | – | – |
| An tUasal Paddy Richardson | 11,333 | 8,804 |
| Ann Reade, Uasal | 16,007 | 6,971 |
| An tUasal Kieran Kenny | 17,950 | 19,222 |
| An tUasal Andrew Brennan[b] | – | – |
| An tArd-Cheannfort Brian Sugrue[b] | – | 9,065 |
| Noella Carroll, Uasal (AIRR) | 1,979 | 2,338 |
| An Dr Geraldine O'Hare | 15,408 | 12,810 |
| An Dr Lisa Cuthbert | 16,156 | 5,176 |
| An tUasal Niall Nolan | 15,333 | 835 |
| Michelle Richardson, Uasal | – | – |
| An Dr Brendan Rooney | 14,362 | – |
| **IOMLÁN** | **170,639** | **94,508** |

**Nótaí**
a) Áirítear leis an táille íocaíochtaí in aghaidh an lae, nuair is infheidhme.
b) D'éirigh Leah McCormack as a post ar an 8 Eanáir 2025. Ní bhfuair sí táille le linn a ballraíochta faoin bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin (OPOS). Ní bhfuair an tArd-Cheannfort Brian Sugrue, an tUasal Andrew Brennan ná Michelle Richardson, Uasal, táille faoin bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin (OPOS).
c) Ní bhfuair an Dr Brendan Rooney táille faoin bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin (OPOS) (E109/274/74). Tabhaíodh táille €14,362 le haghaidh 2025 agus aistríodh í chuig a fhostóir don bhliain 2025.

1 *Sliocht as Dréacht-Ráitis Airgeadais 2025 an Bhoird Parúil a ndéanfaidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu in 2026*

## Luach Saothair an POF

Ba é €121,828 (2024: €113,179) tuarastal an POF don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025. Níor íocadh aon sochair leis an bPríomhfheidhmeannach le linn na bliana. Asbhaineadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (RAB) i gcomhréir le ceanglais reachtúla.

## Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le Costais Sainchomhairleoireachta le linn na bliana an costas a bhain le comhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a seachfhoinsíodh leo.

| Seirbhísí Sainchomhairleoireachta | € |
|---|---|
| Tacaíocht chumarsáide | 554 |
| Earcaíocht | – |
| Meastóireacht Boird | – |
| **IOMLÁN** | **554** |

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangaítear costais taistil agus cothaithe le linn na bliana mar seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Comhaltaí an Bhoird – Taisteal Thar Lear | – |
| Baill Foirne – Taisteal Thar Lear | 477 |
| Comhaltaí an Bhoird – Taisteal Intíre | 94,508 |
| Baill Foirne – Taisteal Intíre (tacsaithe san áireamh) | 32,154 |
| **IOMLÁN** | **127,139** |

Rinne an Bord Parúil astaíochtaí carbóin a fhritháireamh de réir Chiorclán 01/2020 i leith taistil thar lear a rinneadh in 2025.

## Caiteachas Fáilteachais

B'ionann an caiteachas fáilteachais a tabhaíodh le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus €992.

# Aguisín 1

## Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach

Aithním go bhfuil an Bord Parúil freagrach as na rialuithe inmheánacha agus gur féidir leis an gcóras dearbhú réasúnta, cé nach bhfuil sé absalóideach, a sholáthar i gcoinne earráid ábhartha.

Táim eolach ar an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus is féidir liom an méid seo a leanas a dhearbhú:

- Ní raibh aon idirbhearta airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe i gceist.
- Ní raibh aon fhorbairtí suntasacha tráchtála ann le linn na tréimhse tuairiscithe.
- Tá an Bord Parúil ag cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar.
- Tá na nósanna imeachta iomchuí go léir maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, taisteal agus soláthar curtha i gcrích.
- Tá Cód Iompair i bhfeidhm do chomhaltaí an Bhoird Parúil.
- D'oibrigh an Bord Parúil i gcomhréir le beartas an Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe.
- Tá íocaíocht tháillí na gcomhaltaí Boird i gcomhréir le treoirlínte an Rialtais.
- Cloíonn an Bord Parúil le cód caiteachais phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.
- Tá an Bord Parúil ag cloí le dlíthe cánach agus treoirlínte taistil.
- Níl aon díospóidí dlíthiúla ann le comhlachtaí Stáit eile. Níl aon fhochuideachtaí ag an mBord Parúil.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtaí cosanta a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 a éascú.
- De réir chiorclán 25/2016, tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe ag an mBord Parúil chun faisnéis a sholáthar do chomhaltaí Thithe an Oireachtais agus cloíonn sé leis na caighdeáin atá leagtha amach sa chiorclán sin.

Tá córas Rialaithe Inmheánaigh an Bhoird Parúil bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Airítear leis go sonrach:

- Córas buiséadaithe iomchuí a bhfuil buiséad bliantúil i gceist leis a ndéanann an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú air go rialta.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla.
- Córas bainistíochta riosca atá oiriúnach don fheidhm atá leis.
- Freagrachtaí bainistíochta atá sannta go soiléir, le cuntasacht chomhfhreagrach.

Rinne an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais (AIRR) agus an Bord Parúil athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha in 2025 agus tá siad sásta leis na rialuithe atá i bhfeidhm.

Níor tharla aon sárú rialaithe ná ní raibh caillteanais ábhartha ná calaois ann, chomh fada agus is eol dom.

Chuir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) iniúchadh i gcrích ar Ráitis Airgeadais 2024 an Bhoird, agus bhí, nó tá, aghaidh á tabhairt ar gach moladh. Cuireadh dréacht-Ráitis Airgeadais 2025 faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí an Mhárta agus déanfar iniúchadh orthu níos déanaí i mbliana agus foilseofar iad dá réir ar shuíomh gréasáin an Bhoird Parúil.

Deimhním go bhfuil Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce lena léirítear go bhfuiltear ag comhlíonadh cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Beidh an Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm go dtí 2027. Tá Comhaontú Seachadta Feidhmíochta bliantúil i bhfeidhm ag an mBord Parúil leis an Roinn Dlí agus Cirt freisin agus tugann sé tuairisc ar bhonn tréimhsiúil ar na spriocanna agus na torthaí atá sa chomhaontú sin.

Thar ceann an Bhoird Parúil,

Margaret Heneghan

**An Breitheamh Onórach Margaret Heneghan**

**Cathaoirleach**

# Aguisín 2

## Tuarascáil Bhliantúil 2025 an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais

### Ráiteas Chathaoirleach an Choiste AIRR

Is pléisiúr dom Tuarascáil Bhliantúil Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais (AIRR) an Bhoird Parúil a chur i láthair, ina leagtar amach gníomhaíochtaí an Choiste le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Tionóladh 7 gcruinniú de chuid an Choiste in 2025.

Chuir an Coiste na gníomhartha go léir a leagadh amach ina Phlean Oibre do 2025 i gcrích.

Ag féachaint chun cinn go dtí 2026, leanfaidh an Coiste le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i ndáil le forbairt agus cur chun feidhme córais bainistíochta cáis don Bhord Parúil. Déanfaidh Foireann Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce iniúchadh ar an mBord Parúil i ráithe 1 agus breithneoidh an Coiste aon torthaí ón iniúchadh sin agus cinnteoidh sé go gcuirfear na moltaí chun feidhme.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le mo chomhchomhaltaí Coiste as a gcuid oibre le linn 2025 agus leis an bPríomhfheidhmeannach agus le foireann na Rúnaíochta as a dtacaíocht leanúnach.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin d'obair agus do dhíograis iar-chomhalta an Choiste, an tUasal Paddy Richardson, ar tháinig deireadh lena théarma ceapacháin i mí Lúnasa 2025. Ceapadh an Dr Laura Mannion ar an gCoiste in 2026 agus tá an-fháilte roimpi sa Choiste.



**An Dr Shane McCarthy**
Cathaoirleach an Choiste AIRR



## 1. Ról an Choiste

Bhunaigh an Bord Parúil Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais (AIRR) i mí an Mhárta 2022 chun an méid seo a leanas a chinntiú:

- athbhreithniú agus monatóireacht éifeachtach ar rioscaí airgeadais agus rioscaí eile;
- bainistíocht iontaofa agus tuairisciú airgeadais;
- comhlíonadh dlíthe agus rialachán;
- iniúchadh éifeachtach a choinneáil;
- go gcuirfí próiseas cuimsitheach bainistíochta riosca i bhfeidhm.

Tuairiscíonn an Coiste AIRR don Bhord Parúil agus is é a phríomhchuspóir cabhrú leis an mBord Parúil a fheidhmeanna a chomhlíonadh trí chomhairle neamhspleách a chur ar fáil go pras don Bhord Parúil maidir le réimsí atá faoina shainchúram.

## 2. Freagrachtaí an AIRR Coiste

Gníomhaíonn an Coiste i gcáil chomhairleach. Is ar an mBord Parúil atá an fhreagracht iomlán as gnóthaí na heagraíochta.

Chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh, féadfaidh an Coiste AIRR imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar a thagann faoi raon feidhme agus sainchúram na dTéarmaí Tagartha. Tabharfar rochtain dó ar aon fhaisnéis a theastaíonn uaidh chun é sin a dhéanamh agus féadfaidh sé comhairle ghairmiúil sheachtrach a lorg má mheasann sé gur gá sin.

Féadfaidh an Coiste sainchomhairle ó shaineolaithe a fháil ar chostas réasúnach don Bhord Parúil, de réir mar is gá.

Tá achoimre ar fhreagrachtaí an Choiste leagtha amach anseo thíos:

### 2.1 Athbhreithniú agus monatóireacht éifeachtach ar rioscaí airgeadais

A bheith ar an eolas i gcónaí faoi na réimsí reatha riosca is mó agus féachaint chuige go bhfuil an fhoireann bainistíochta ag bainistiú an riosca ar bhealach éifeachtach.

Deimhniú dó féin go mbunófar agus go gcoinneofar córais éifeachtacha chuntasaíochta agus rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear córais faisnéise ríomhairithe chun riosca a bhainistiú.

Deimhniú dó féin go bhfuil na córais rialaithe bhainistíochta slán agus stuama, lena n-áirítear athbhreithniú ar bheartais agus/nó cleachtais.

Féachaint chuige go bhfuil an Bord Parúil ar an eolas faoi aon ní a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go suntasach ar staid airgeadais nó ar ghnóthaí an Bhoird Parúil.

### 2.2 Bainistíocht iontaofa agus tuairisciú airgeadais

Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht an tuairiscithe bainistíochta don Bhord Parúil i dtaca le méid, cáilíocht agus uainiú na faisnéise is gá chun na rioscaí, na hoibríochtaí agus an staid airgeadais a thuiscint agus tuairisciú orthu go hinmheánach agus go seachtrach.

Athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtráitis airgeadais bhliantúla agus ar fhaisnéis airgeadais eile sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird Parúil iad, nuair is féidir.

### 2.3 Iniúchadh éifeachtach a choinneáil

Moladh a thabhairt don Bhord Parúil maidir le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha a cheapadh, de réir mar is gá.

Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha araon maidir lena bhfreagrachtaí faoi seach.

A chinntiú nach bhfuil aon srianta nó teorainneacha gan údar curtha ar iniúchóirí.

Féachaint chuige go bhfuil raon feidhme an iniúchta (seachtrach agus inmheánach) leordhóthanach, agus a chinntiú go ndírítear ar réimsí a bhfuil an Coiste AIRR, lucht bainistíochta nó na hiniúchóirí den tuairim gur gá díriú orthu.

Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar pé gníomh a rinne an lucht bainistíochta agus pé amchlár a mhol siad mar fhreagairt ar na torthaí.

### 2.4 Dualgais a bhaineann le Rialachas agus Bainistíocht Riosca

Déanfaidh an Coiste an méid seo a leanas:

- athbhreithniú a dhéanamh ar bhunú agus ar choinneáil ar bun córais éifeachtaí rialachais chomhtháite, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh, ar fud ghníomhaíochtaí uile na heagraíochta;
- ráiteas inghlacthachta riosca a choinneáil ar bun de réir a chuspóirí straitéiseacha, lena fhaomhadh ag an mBord Parúil;
- athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an phróisis chun riosca rialála, oibríochtúil agus airgeadais a shainaithint, measúnú tionchair a dhéanamh air agus measúnú tarlaithe a dhéanamh air;
- athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht iniúchóirí seachtracha agus seirbhísí eile a d'fhéadfadh an Bord Parúil a fháil;
- athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na rialuithe a fheidhmíonn an lucht bainistíochta chun rioscaí rialála, oibríochtúla, airgeadais, clú agus rioscaí eile a mhaolú;

- athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-bheartais, de réir mar is cuí don Choiste, sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird Parúil iad;
- tuarascáil a thabhairt don Bhord Parúil ar ábhair a bhaineann leis an bpróiseas chun riosca a mheasúnú agus bainistíocht gnímh/gníomhartha chun riosca/rioscaí a mhaolú.

### 2.5 Freagrachtaí Eile

Tuairisc a thabhairt ar aon ábhar a shainaithnítear le linn dó a dhualgais a chomhlíonadh, a mheasann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais ar cheart aird an Bhoird Parúil a tharraingt air.

Aon chúram nó gníomh eile a údaróidh an Bord Parúil ó am go chéile a dhéanamh nó tabhairt fúthu thar ceann an Bhoird.

A chinntiú go bhfuil socruithe ann trína bhféadfaidh baill foirne na heagraíochta agus comhaltaí an Bhoird Parúil, ábhair imní a chur in iúl, faoi rún, faoi iompar míchuí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cúrsaí tuairiscithe airgeadais nó nithe ábhartha eile.

## 3. Ballraíocht an Choiste

Ceapann an Bord Parúil an Coiste ina gcuimsítear 3 Chomhalta Boird: An Dr Shane McCarthy (Cathaoirleach an Choiste), an Dr Geraldine O'Hare, an tUasal Paddy Richardson (tháinig deireadh lena théarma ceapacháin i mí Lúnasa 2025) agus 1 chomhalta seachtrach: Noella Carroll, Uasal.

Tacaíonn an Príomhfheidhmeannach, agus baill iomchuí na Foirne Ardbhainistíochta leis na cruinnithe agus freastalaíonn siad orthu.

## 4. Cruinnithe

Tháinig an Coiste le chéile 7 n-uaire in 2025. Tá 6 chruinniú beartaithe don Choiste in 2026.

Tá sé mar aidhm ag an gCoiste teacht le chéile gach 2 mhí, nó mar sin. Is é 2 chomhalta den Choiste an córam chun go mbeidh cruinniú ag an gCoiste.

Cuirtear miontuairiscí chruinnithe an Choiste AIRR ar fáil ag cruinnithe an Bhoird Parúil chun críocha eolais agus plé agus ardaítear ábhair shuntasacha mar mhíreanna sonracha ar chlár oibre chruinnithe an Bhoird Parúil. Tugann Cathaoirleach an Choiste an t-eolas is déanaí don Bhord Parúil ag gach ceann de chruinnithe rialachais an Bhoird Parúil a thionóltar 4 huaire sa bhliain ar a laghad.

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu in 2025 |
|---|---|
| An Dr Shane McCarthy, Cathaoirleach | 7 |
| An Dr Geraldine O'Hare | 7 |
| An tUasal Paddy Richardson | 4 as 4<br>(tháinig deireadh leis an téarma ceapacháin i mí Lúnasa 2025) |
| Noella Carroll, Uasal | 7 |

## 5. Tuairisciú

### Achoimre ar an obair a rinne an Coiste in 2025

- Rinne an Coiste athbhreithniú ar roinnt doiciméad corparáideach lena n-áirítear an Beartas um Chosaint Leanaí, an Clár Rioscaí, an Beartas um Bainistíocht Riosca, an Ráiteas Inghlacthachta Riosca, an Beartas Soláthair agus an Treochlár maidir le Gníomhú ar son na hAeráide;
- Rinne sé athbhreithniú ar an gClár Rioscaí agus rinne sé mionphlé ar mhír ardriosca amháin ag gach cruinniú ábhartha;
- Phleanáil sé an buiséad bliantúil agus chuir sé faoi bhráid an Bhoird Parúil é, rinne sé athbhreithniú airgeadais lár na bliana agus leasú ar an gcaiteachas réamh-mheasta;
- Rinne sé athbhreithniú ar thuairiscí míosúla caiteachais agus rinne sé comparáid idir an caiteachas iarbhír agus an caiteachas buiséadaithe;
- Rinne sé monatóireacht ar ghníomhaíocht soláthair agus ceannaigh;
- Rinne sé athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais 2024 sular tugadh moladh don Bhord Parúil lena n-iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (AC&C);
- Rianaigh sé an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na moltaí a eascraíonn as iniúchadh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Ráitis Airgeadais an Bhoird Parúil agus moltaí Athbhreithniú Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar Rialuithe Inmheánacha 2022 agus 2025;
- Rinne sé monatóireacht ar dhul chun cinn na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce maidir le córas bainistíochta cáis a chur chun feidhme don Bhord Parúil;
- Rinne sé athbhreithniú ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na rialuithe a fheidhmíonn an lucht bainistíochta chun rioscaí rialála, oibríochtúla, airgeadais, clú agus rioscaí eile a mhaolú;

## Torthaí an Choiste

- Cuireadh iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar ráitis airgeadais 2024 an Bhoird Parúil i gcrích. Ní léirítear réimsí lena mbaineann imní sna dréacht-torthaí. Tráth scríofa na tuarascála seo, bhí iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar ráitis airgeadais 2025 an Bhoird Parúil beagnach críochnaithe agus i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-Litir an Lucht Bainistíochta, níor léiríodh aon ábhair imní.
- Fuarthas amach in athbhreithniú a rinne an Coiste agus an Bord Parúil ar na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm go bhfuil siad leordhóthanach. Tá an Coiste sásta leis an tuairisciú airgeadais a soláthraíodh agus le cáilíocht na n-iniúchtaí a rinneadh go dtí seo.

## Athbhreithniú ar éifeachtacht an choiste

Tá an Coiste AIRR sásta lena éifeachtacht féin in 2025. Chuir an Coiste na gníomhartha go léir a leagadh amach ina Phlean Oibre do 2025 i gcrích. Déanfaidh an Coiste féinmheasúnú in 2026 agus ceapfar comhalta Coiste nua chun teacht in áit an Uasail Paddy Richardson. Níor ardaigh an Bord Parúil aon ábhair imní maidir le hiompar ná éifeachtacht an Choiste AIRR.

# 6. Obair atá beartaithe le haghaidh 2026

Faomhfaidh an Bord Parúil Plean Oibre don Choiste AIRR le haghaidh 2026. Leagtar amach thíos cuid de na cúraimí a chuirfear sa Phlean sin:

- Dréacht-Ráitis Airgeadais 2025 a fhaomhadh lena bhfaomhadh ina dhiaidh sin ag an mBord Parúil iomlán;
- A chinntiú go gcuirfear aon torthaí ó thuarascáil iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i bhfeidhm;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí Iniúchóireacht Inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (2025) agus a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar na torthaí/go gcuirfear na torthaí chun feidhme de réir mar is gá;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Bhoird.
- Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartais chorparáideacha;
- Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Rioscaí agus obair a dhéanamh chun ardrioscaí a mhaolú ach go háirithe;
- Am a chur ar leataobh chun aon rioscaí nua nach bhfuil curtha san áireamh cheana sa Chlár Rioscaí a bhreithniú, mar Choiste. Aird an Bhoird Parúil a tharraingt ar aon rioscaí nua a shainaithnítear lena mbreithniú tuilleadh;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas leithdháileadh buiséid an Bhoird Parúil;
- Leanúint leis an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na moltaí ón measúnú comhlíontachta RGCS a rinneadh ag deireadh 2023 a rianú;
- Leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce maidir le córas bainistíochta cáis a chur chun feidhme don Bhord Parúil;
- Féinmheasúnú a dhéanamh ar an gCoiste;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Chathaoirleacht an Choiste ós rud é go bhfuil an Cathaoirleach reatha ann ó bunaíodh an Coiste.

## Achoimre ar na príomhrioscaí reatha don Bhord:

- Tá an easpa córas bainistíochta cáis chun obair an Bhoird Parúil a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtúil fós ina ardriosca. Tá Rúnaíocht an Bhoird Parúil ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce maidir leis sin agus forbraíodh córas agus déanfar Tástáil Inghlacthachta Úsáideoirí i Ráithe 1 de 2026. Rinne an Coiste AIRR agus an Bord Parúil dlúthmhonatóireacht ar an ábhar in 2025 agus leanfar leis sin in 2026. Braitheann an Bord Parúil ar an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chun an t-ábhar a thabhairt chun críche.
- Tá dúshláin maidir le hacmhainní leordhóthanacha don Rúnaíocht ina riosca leanúnach. Leanfaidh an Rúnaíocht le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chun na hacmhainní riachtanacha a fháil agus chun foireann bhreise a earcú.
- Is dúshlán leanúnach é folláine na foirne agus chomhaltaí an Bhoird Parúil, i bhfianaise chineál oibre an Bhoird Parúil. Cuirtear na tacaíochtaí atá ar fáil i gcuimhne go rialta don fhoireann agus do na Comhaltaí Boird.

Leanfaidh an Coiste le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí sin agus ar na rioscaí eile go léir a léiríodh sa Chlár Rioscaí d'fhonn a chinntiú go bhfuil bearta leordhóthanacha maolaithe riosca i bhfeidhm.

**An Bord Parúil**
The Parole Board

Ionad 401, Foirgneamh Chéipil,
Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7, D07 N4C6

www.gov.ie/paroleboard
r-phost: info@paroleboard.gov.ie
teil:  01 474 8767 / 01 474 8770

